C/2025/202

16.1.2025

Glao ar Thograí maidir le hainmniú Pobail Eolais agus Nuálaíochta nua de chuid na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht

Aitheantóir an Ghlao: HORIZON-EIT-2025-KIC-WATER

(C/2025/202)

I gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/819 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 maidir leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT), tugtar fógra leis seo go seolfar Glao ar Thograí le haghaidh Pobal Eolais agus Nuálaíochta (PEN) nua de chuid EIT maidir leis na hEarnálacha agus na hÉiceachórais Uisce, Mara agus Muirí. Iarrtar tograí le haghaidh an ghlao.

I gcomhréir le hAirteagal 9 den Rialachán maidir le EIT, baineann an Glao ar Thograí le cuibhreannais is iarratasóirí ina bhfuil príomheagraíochtaí ó earnálacha an ghnó, an oideachais agus an taighde.

Tabharfaidh an PEN nua aghaidh ar na dúshláin seo a leanas:

— ganntanas uisce, triomach agus tuilte,

— díghrádú éiceachóras muirí agus fionnuisce,

— an geilleagar gorm ciorclach agus inbhuanaithe.

Leis an PEN atá ar an mbealach, aontófar nuálaithe uisce, mara agus muirí agus tógfar Comhpháirtíocht Eorpach Institiúidithe lena dtabharfar aghaidh ar na dúshláin is práinní atá roimh éiceachórais nuálaíochta a bhaineann le huisce trí réitigh nuálacha a thráchtálú agus trí thallann agus gnólachtaí nuathionscanta a chothú. Cuirfidh PEN oideachas fiontraíochta agus scileanna ar fáil, cuirfidh sé tionscadail nuálaíochta chun feidhme agus déanfaidh sé a dtorthaí a thráchtálú, chomh maith le tacaíocht ollmhór a chur ar fáil d'fhiontraithe agus do ghnólachtaí nuathionscanta.

Tá an fhaisnéis ábhartha uile maidir leis an nglao, lena n-áirítear an spriocdháta chun é a chur isteach, cur síos ar shamhail PEN, módúlachtaí an ghlao, na critéir mheastóireachta agus an treoraíocht d'iarratasóirí maidir le conas togra a chur isteach, ar fáil i dtéacs an ghlao agus ar leathanach an ghlao ar shuíomh gréasáin EIT:

https://eit.europa.eu/our-activities/call-for-eit-communities/eit-water